Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2021
(OR. en)

13291/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0331(NLE)**

**AVIATION 265
CHINE 6
RELEX 905**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13079/21 INIT + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh<br>Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021[1].

2. Baineann an togra leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste arna chur ar bun leis an gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne[2] lena nglactar Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

[1] 13079/21 + ADD 1.
[2] IO L 240, 24.7.2020, lch. 4.

3. Tháinig an Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2020. Is é an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 11 den Chomhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta atá freagrach as riar an Chomhaontaithe agus a áirithíonn go gcuirtear chun feidhme mar is ceart é.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle[3] agus an iarscríbhinn a ghabhann leis[4] an 11 Samhain 2021.

5. Rinne seirbhís dlí-agus teanga[5] na Comhairle na téacsanna, mar a d'aontaigh an Mheitheal iad, a ullmhú.

6. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe comhaontú na Meithle a dhaingniú agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh maille lena iarscríbhinn, mar a leagtar amach iad in 13546/21 agus 13626/21, mar mhír "I/A" ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 13371/21
[4] 13371/21 ADD 1
[5] 13546/21 + 13626/21